



'Gaeilge na hArdteiste', Clár 2

RTÉ Raidió na Gaeltachta, 2 Márta 2015

Béaltríail Shamplach i gCanúint na Mumhan

Sa sampla seo, is as Cúige Mumhan don dalta. Moltar duit éisteacht leis an bpodchraoladh MP3 atá ar fáil in éineacht leis an scríbhinn seo ag <http://www.rte.ie/rnag/gaeilge-na-hardteiste/> (Clár 1).

Tabharfar faoi deara na 'baoití' i gcaint an iarrthóra, atá aibhsithe *i gcló iodáileach* anseo sa téacs. Déanann an t-iarrthóir iarracht an comhrá a stiúradh i dtreo na n-ábhar atá ullmhaithe aici. Feicfidh sibh go nglacann an scrúdaitheoir leis an gcuireadh.

Scrúdaitheoir: Dia duit

Iarrthóir (Dalta): Dia's Muire duit.

Conas atá tú?

Táim go diail, buíochas le Dia.

Cad is ainm duit?

Cormac Ó Súilleabháin is ainm dom.

Cén seoladh baile atá agat, a Chormaic?

An Cnoc Mór, Durlas, Co Thiobraid Árann, an seoladh atá agam.

Agus cad é an dáta breithe atá agat?

Rugadh mé ar an aonú lá is fiche de mhí na Samhna, míle naoi gcéad is a nócha seacht.

Agus cén aois atá agat anois, a Chormaic?

Táim seacht mbliana déag d'aois.

Go hiontach ar fad, a Chormaic. Cad í an uimhir scrúdaithe atá agat?

A cúig, a cúig, a náid, a hocht, a trí, a ceathair an scrúduimhir atá agam.

Go breá ar fad. Rachaimid ar aghaidh anois go dtí an aithris ar dhán. Ba mhaith liom dá ndéanfá aithris dom ar an ndán *An Spailpín Fánach*, le do thoil a Chormaic. Is leor véarsaí a haon is a dó.

Ceart go leor.

AN SPAILPÍN FÁNACH - Ní fios cé a chum an dán seo.

Im spailpín fánach táim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
‘s ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad fees ó rí na gcroppies,
cleith is píc chun sáite
‘s go brách arís ní ghlaofar m’ainm
sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
‘s as seo go Tiobraid Árann:
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth ‘s mo shúiste im ghlac
ag dul chun tosaigh ceard leo
‘s nuair a théim go Durlas ‘s é siúd bhíonn agam –
“Sin chú’ibh an spailpín fánach!”

Do bhí sin ar fheabhas. Caithfimid tabhairt faoi mná pictiúir anois/ Roghnóidh mise ceann díobh go randamach.

Seo duit, a Chormaic, agus tá leathnóiméad nó mar sin agat chun ullmhúchán a a dhéanamh.

Anois, a Chormaic, dein cur síos dom ar a bhfuil le feiscint agat sa tsraith pictiúr sin.

Robáil Bainc



Robáil Baine

Do bhí lá saor ag Aoife agus do bheartaigh sí dul ag siopadóireacht sa chathair.

Cheannaigh sí dhá thicéad traenach di féin agus dá cara Janet.

Níorbh fhada go raibh siad istigh i lár chathair Bhaile Átha Cliath, ar Shráid Uí Chonaill.

Go tobann agus iad ag siúl i dtreo Bhanc na hÉireann, rith beirt robálaithe amach as an mbanc – púicíní orthu, iad armtha agus málaí móra airgid tirim ar iompar acu.

Baineadh geit mhór as Aoife ach do chuir Janet gaoch gutháin ar na gardaí.

Níorbh fhada go raibh na gardaí ar an láthair. Chaith duine de na robálaithe urchar leis na gardaí ach níor gortaíodh éinne.

Gabhadh an bheirt robálaithe gan mórán moille agus d'éirigh leis na gardaí an t-airgead ar fad a fháil ar ais.

Do ghabh duine de na gardaí buíochas leis na cailíní. Dúirt sé leo go rabhadar an-chróga.

Tugadh na robálaithe os comhair cúirte an lá dár gcionn. Fuarthas ciontach iad agus gearradh trí bliana príosúnachta orthu.

Go diail ar fad a Chormaic. Cuirfidh tusa trí cheist ormsa anois faoin eachtra robála agus ansin cuirfidh mise trí cheist ortsa.

Cén cinneadh a dhein Aoife nuair a bhí lá saor ón scoil aici?

Bheartaigh sí dul go Baile Átha Cliath chun siopadóireacht a dhéanamh.

Conas a chuaigh sí féin agus a cara go dtí an ardchathair?

Ar thraein a chuaigh siad.

Agus an tríú ceist. Cá bhfios duit nach raibh sé ag cur báistí an lá sin?

Ó, sin ceist mhaith! Mar feicim sna pictiúir go raibh an ghrian go hard sa spéir.

Anois an chéad cheist uaimse, a Chormaic.

Cén banc a robáladh?

Banc na hÉireann.

An-mhaith. Agus cad a dúirt duine de na gardaí leis na cailíní?

Do ghabh sé buíochas leo as an tacaíocht a thug siad do na gardaí.

Agus an cheist dhéanach, a Chormaic. An bhfuarthas na robálaithe ciontach nó neamhchiontach?

Ó fuarthas ciontach iad, gan aon amhras.

Go breá ar fad a Chormaic. Rachaimid ar aghaidh anois le dreas beag comhrá. Bí ag caint liom, a Chormaic, faoi do theaghlach.

Ceathrar atá i mo theaghlach: mo mham, mo dhaid, mo dheartháir Jeaic agus mé féin. Is é Jeaic an duine is sine agus oibríonn sé le mo dhaid ar an bhfeirm.

Ceist agam ort, a Chormaic. An ndeachaigh Jeaic go dtí aon chúrsa tríú leibhéal i ndiaidh na hArdteiste?

Ó chuaigh gan amhras. D'fhreastail sé ar choláiste talmhaíochta ar an gCreagán, i dtuaisceart Chontae na Gaillimhe. 'Mountbellew' an leagan Béarla atá ar an mbaile sin. Dhein sé cúrsa trí bliana agus dúirt sé go raibh an cúrsa thar barr ar fad.

Go han-mhaith. Agus cén sórt feirme atá agaibh?

Tá thart ar seasca acra talún ag m'athair. Coimeádann sé caoirigh ar an dtalamh ard agus tá tréad beithíoch againn chomh maith. Bímid an-ghnóthach. Ní obair éasca í. Bíonn mo thuismitheoirí is mo dheartháir ina suí ar a sé chlog ar maidin.

Agus an dtugann tusa lámh chúnta, a Chormaic?

Bhuel, ní thugaim nuair a bhím ag freastal ar scoil, ach le linn na laethanta saoire bíonn orm cabhrú leis an obair.

Cén sórt oibre a bhíonn le déanamh agat?

Bím ag seoladh na mbeithíoch ar uairibh agus glanaim amach cró na mbeithíoch chomh maith. Caithfidh mé a rá nár mhaith liom an obair fheirme mar shlí bheatha. Is obair dhian í agus bíonn ort a bheith ag obair ó cheann ceann na seachtaine.

Tá an ceart ar fad agat a Chormaic, ach an bhfuil a fhios agat cén tslí bheatha a thaitneodh leat?

Thaitneodh sé liom a bheith ag obair i dtionscal na ríomhaireachta. Tá go leor jabanna le fáil sa tionscail sin in Éirinn. Tá a lán cúrsaí teicneolaíochta ar fáil in Ollscoil Luimnigh. Is fada liom go mbeidh mé i mo mhac léinn ollscoile – mé i mo chónaí ar champas na hollscoile, nó in árasán.

An é nach maith leat saol na scoile atá agat faoi láthair, a Chormaic?

Ó is maith liom an scoil, ach fós féin nílim neamhspleách. Bíonn go leor staidéir le déanamh agam mar tá seacht n-ábhar scoile agam.

Cad iad na hábhair a dhéanann tú?

Déanaim Gaeilge Béarla, Fraincis Matamaitic, Fisic, Cuntasaíocht, agus an Eacnamaíocht Bhaile. Caithim breis agus trí huair a' chloig i mbun staidéir gach aon oíche ach nuair a rachaidh mé chun na hollscoile, beidh mé ag plé le hábhair a mbeidh suim agam iontu agus beidh níos mó ama agam don chispheil agus don lúthchleasaíocht.

Ó, bí ag caint liom faoi sin.

Bhuel, bhí orm éirí as an gcispheil i mbliana. Bhí an iomad brú orm ach téim amach ag rith gach tráthnóna mar tugann sé faoiseamh dom,. Ní maith an rud é a bheith sáite sna leabhair an t-am go léir ach mar a dúirt mé, imreoidh mé cispheil arís san ollscoil agus glacfaidh mé páirt freisin sna himeachtaí lúthchleasaíochta.

Ar bhuaigh tú aon chomórtas lúthchleasaíochta riamh?

Níor bhuaigh, ach is maith liom páirt a ghlacadh. Ní hé an bua an rud is tábhachtaí. Cuireann sé fearg orm nuair a chloisim faoi lúthchleasaithe a chaith drugaí chun an bua a fháil. Tarlaíonn sé go minic sna Cluichí Oilimpeacha.

Aontaím leat a Chormaic. Is minic go mbíimid amhrasach faoi churiarrachtaí a baineadh amach thar na blianta. Dála an scéil, a Chormaic, cé na laochra lúthchleasaíochta atá agat?

Bhuel, ceapaim féin gur dhein Sonia O'Sullivan gaisce mór ar son na hÉireann agus is laoch eile de mo chuid Éamonn Coughlan. Ó, dheineas dearmad glan Katie Taylor a lua. Féachaim uirthi aon uair a mbíonn sí ag dornálaíocht.

Ach nach bhfuil an spórt sin foréigneach?

Tá dornálaíocht ghairmiúil na bhfear foréigneach, dar liom, ach ní dóigh liom go bhfuil dornálaíocht na mban. Stoptar an troid má bhíonn dornálaí amháin go mór in uachtar. Sílim gur ambasadóir iontach í Katie ar son spórt na mban mar, uaireanta, ní thugtar cothrom na Féinne do spórt na mban.

Ní thuigim é sin go rómhaith. An féidir leat é sin a mhíniú, a Chormaic?

Is féidir gan amhras. Is minic nach mbíonn mórán scríofa faoi imeachtaí spóirt na mban sna nuachtáin nó ní dhéantar craoladh ar imeachtaí áirithe spóirt. Murach TG4, is mó imeacht spóirt ban a bheadh caillte againn. Déanann TG4 craoladh beo ar pheil agus ar chamógaíocht na mban.

Tá an ceart ar fad agat. Feicim, a Chormaic, go bhfuil tú paiseanta faoi chearta na mban!

Táim go deimhin! Tá sé an-thábhachtach go bhfaigheadh na mná cothrom na Féinne agus sin an fáth gur ambasadóirí maithe iad leithéidí Sonia agus Katie, ach níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ar iarúachtaráin na hÉireann: Máire Mhic Róibín agus Máire Mhic Giolla Íosa.

Is iontach an fear thú a Chormaic!

Is deas uait é sin a rá.

Bhuel a Chormaic, creid é nó ná creid ach tá an t-am caite. Do bhaineas an-thaitneamh as a bheith ag caint leat.

Bhaineas-sa an-taitneamh as leis.

Go n-éirí an t-ádh leat i do chuid scrúdaithe Ardteiste.

Go raibh míle maith agat.

Slán agat anois, a Chormaic.

Slán leat.